



Rialtas na hÉireann  
Government of Ireland

# Scéimeanna Deontais Córais Chóireála Fuíolluisce Tí

Ceisteanna coitianta  
Éifeachtach ón 1 Eanáir

Ullmhaithe ag  
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht  
[gov.ie/tithiocht](http://gov.ie/tithiocht)

NÓTA: Ba cheart na Ceisteanna Coitianta seo a léamh i gcomhar leis na Téarmaí agus na Coinníollacha maidir le deontais na gCóras Cóireála Fuíolluisce Tí, Ciorclán L2/23 agus Ionstraimí Reachtúla IR. 562/23 (PCN), IR.563/23 (CTG) agus IR. 564/23 (DCAS), ar féidir teacht air [anseo](#)

## Achoimre Ghairid

Tá an deontas um Chórais Chóireála Fuíolluisce Tí (CCFT) faoin bplean Cigireachta Náisiúnta ann ó 2016 agus tugadh dhá dheontas breise faoin mBainistíocht Abhantraí i bhfeidhm ó mhí an Mheithimh 2020.

Is é cuspóir na ndeontas seo ná cabhrú le sealbhóirí tí le costais oibreacha chun córas cóireála fuíolluisce tí (CCFT) a fhreastalaíonn ar theach a fheabhsú, a dheisiú, a uasghrádú nó a athsholáthar.

Ní mór gach obair a dhéanamh de réir Chód Cleachtais an GCC do Chórais Chóireála Fuíolluisce Tí.

Ní cháilíonn oibreacha a dhéantar chun gnáthchothabháil, seirbhísiú nó dí-shlodú CCFT do dheontas.

**Is iad na húdaráis áitiúla a riarann na deontais CCTF thar ceann na Roinne. Ba cheart aon fhiosruithe maidir le hiarratas a dhéanamh ar na deontais a chur ar d'údarás áitiúil ábhartha.**

# **Ceisteanna Coitianta**

## **Critéir Cháilitheachta**

### **C1. Cad iad na Deontais um Chórais Chóireála Fuíolluisce Tí?**

Tá na trí dheontas ar fáil chun cabhrú le sealbhóirí tí le costas oibreacha chun CCTF a fhreastalaíonn ar theach a fheabhsú, a dheisiú, a uasghrádú nó a athsholáthar, áit a bhfuil:

1. Fógra Comhairleach faighte ag an sealbhóir tí, tar éis cigireacht údaráis áitiúil ar theip uirthi a rinneadh faoin bPlean Cigireachta Náisiúnta;
2. An teach suite laistigh de Cheantar Tosaíochta le haghaidh Gnímh, mar a shainaithnítear é sa Phlean Bainistíochta Abhantraí 2018-2021; nó
3. An teach suite i nDobharcheantar Cuspóra Ard-Stádais, mar a shainaithnítear é sa Phlean Bainistíochta Abhantraí 2018-2021.

### **C2. Cé atá incháilithe le hiarratas a dhéanamh?**

A luaithe a chomhlíonann iarratasóir na critéir le haghaidh ceann amháin de na trí scéim deontais, mar atá liostaithe i gCeist 1 thuas, agus a chomhlíonann sé na riachtanais incháilitheachta go léir, mar atá leagtha amach i dtéarmaí agus coinníollacha na scéime ábhartha, tá siad incháilithe chun iarratas a dhéanamh.

### **C3. Cén scóip oibreacha atá incháilithe don deontas?**

Cuirfidh an deontas cúnaimh ar fáil i dtreo costas leasúcháin, deisiúcháin, uasghrádaithe nó athsholáthair CCTF atá ann cheana féin:

- de réir Fógra Comhairleach a eisíodh faoin bPlean Cigireachta Náisiúnta, nó
- togra oibreacha arna ullmhú ag duine inniúil don dá dheontas faoin bPlean Bainistíochta Abhantraí i gcomhréir le Cód Cleachtais 2021 an GCC.

- Ní cháilíonn oibreacha a dhéantar chun gnáthchothabháil, seirbhísiú nó dí-shlodú CCFT do dheontas.

#### **C4. Cad iad na Riachtanais Incháilitheachta Deontais CCTF?**

Ní mór don teach ar a bhfreastalaíonn an CCTF, i dtuairim an údaráis áitiúil:

- a. a bheith in úsáid ag an iarratasóir mar phríomháit chónaithe (m.sh. ní teach saoire ná ar cíos),
- b. gan a bheith ceangailte le scéim séarachais phoiblí,
- c. gan a bheith á thógáil faoi láthair nó á thógáil laistigh de na 7 mbliana deireanacha, agus
- d. gan deontas don CCTF a bheith íoctha leis laistigh de na 7 mbliana deireanacha

#### **C5. Cad é leibhéal na ndeontas atá ar fáil?**

Is é an leibhéal deontais atá ar fáil ná 85% de chostas ceadaithe na n-oibreacha, faoi réir uasmhéid de €12,000.

Is é an caiteachas íosta, ar oibreacha incháilithe, a theastaíonn chun iarratais a phróiseáil faoi dheontais CTG agus DCAS ná €750. Níl aon íosriachtanas caiteachais ann don deontas PCN.

#### **C6. Cad é costas ceadaithe na n-oibreacha?**

Ciallaíonn costas ceadaithe an ceann is lú de cheachtar acu:

- Costas iarbhír na n-oibreacha chun CCTF a fheabhsú, a dheisiú, a uasghrádú nó a athsholáthar (lena n-áirítear measúnú láithreáin más gá), nó
- Is iad na hoibreacha a mheas an ÚÁ ná na costais réasúnacha a bhaineann leis na hoibreacha a dhéanamh.

**C7. An gá mo CCTF a bheith cláraithe le Cosain ár nUisce?**

Níl aon athrú tagtha ar oibleagáidí úinéara tí maidir le clárú CCTF, dá bhforáiltear faoi Chuid 4A den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2007, arna leasú.

Chun a bheith incháilithe do cheann amháin de na trí dheontas CCTF, baineadh an riachtanas roimhe seo, a bhí sna téarmaí agus sna coinníollacha, go gcláródh úinéir a CCTF lena (h)údarás áitiúil roimh an 1 Feabhra 2013.

**Réadmhaoine Incháilithe**

**C8. Cén réadmhaoín atá incháilithe don deontas?**

Caithfidh an t-iarratasóir an réadmhaoín a bhfreastalaíonn an CCTF uirthi a úsáid mar phríomháit chónaithe. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis sin réadmhaoine príobháideacha ar cíos go fadtéarmach.

**C9. Má tá cónaí orm i gcóiríocht ar cíos, an bhfuilim i dteideal iarratas a dhéanamh ar an deontas seo?**

Nuair a bheidh na critéir don deontas comhlíonta, féadfaidh tú a bheith i dteideal iarratas a dhéanamh má tá cónaí ort i réadmhaoín phríobháideach ar cíos go fadtéarmach. Má tá cónaí ar an iarratasóir i réadmhaoín phríobháideach ar cíos go fadtéarmach, ní mór cead an úinéara a fháil.

**C10. Cad iad na réadmhaoine atá neamh-incháilithe don deontas seo?**

Níl réadmhaoine agus tithe saoire príobháideacha a oibrítear ar bhonn tráchtála ceadaithe (m.sh. ligean saoire gearrthéarmach, réadmhaoine féinfhrestail, carbháin/tithe soghluaiste, ionaid charbháin/tithe soghluaiste srl.).

Ní cheadaítear réadmhaoine atá faoi úinéireacht údarás áitiúil, comhlachas tithíochta, Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte srl. ach oiread.

**C11. Má tá sé i gceist ag an iarratasóir maoin fholamh nó thréigthe a úsáid mar phríomháit chónaithe tar éis na hoibreacha athchóirithe a bheith críochnaithe, an bhfuil sé/sí i dteideal iarratas a dhéanamh ar an deontas?**

Sa chás sin, déanfaidh an t-údarás áitiúil an t-iarratas ar éileamh deontais a phróiseáil agus déanfaidh sé na cigireachtaí riachtanacha.

Má chomhlíontar na critéir incháilitheachta eile go léir, féadfar an deontas a íoc leis an iarratasóir nuair atá an t-údarás áitiúil sásta go bhfuil an mhaoin á húsáid ag an iarratasóir mar phríomháit chónaithe.

**C12. An féidir liom cúnamh airgeadais a fháil chun ceangal a dhéanamh le líonra poiblí Uisce Éireann?**

Cinnfidh an t-údarás áitiúil an costas réasúnach a bhaineann le nascadh leis an ngréasán poiblí i gcoinne an chostais a bhaineann le CCTF a fheabhsú, a dheisiú, a uasghrádú nó a athsholáthar, agus cinnfidh sé an féidir deontas a thabhairt lena nascadh leis an ngréasán poiblí.

**Próiseas Iarratais**

**C13. Cad é an próiseas iarratais?**

Cabhróidh an t-údarás áitiúil le hiarratasóirí ionchasacha sa phróiseas riachtanach agus soláthróidh sé na foirmeacha ábhartha chun iarratas a dhéanamh ar dheontas.

Tá sonraí i dTéarmaí agus Coinníollacha na ndeontas maidir leis na critéir incháilitheachta agus an próiseas iarratais, lena n-áirítear na príomhchéimeanna tosaigh seo a leanas do gach deontas:

- Iarratas le déanamh ar Fhoirm Íocaíochta Éilimh CCTF PCN (a) nuair a bheidh na hoibreacha críochnaithe de réir an Fhógra Chomhairligh a fuarthas faoin bPlean Cigireachta Náisiúnta.

- Má shainaithníonn eolaithe do bharcheantair CUUA go bhfuil ceist cháilíocht an uisce in abhainn in aice láimhe agus go gcreideann siad go bhféadfadh CCTF lochtach a bheith ina chúis leis an bhfadhb nó cur leis, féadfar litir a sholáthar d'iarratasóirí ionchasacha chun iarratas a dhéanamh ar dheontas CTG.
- Is féidir le hiarratasóir ionchasach a bhfuil CCTF lochtach aige/aici a sheiceáil an bhfuil an réadmhaoin suite i nDobharcheantar Cuspóra Ard-Stádais. Deimhneoidh an t-údarás áitiúil ábhartha a (h)incháilitheacht chun iarratas a dhéanamh ar dheontas DCAS.

**C14. An féidir liom iarratas a dhéanamh má tá na hoibreacha ábhartha críochnaithe agam roimh an 1 Eanáir 2024?**

Sa chás go bhfuil iarratas ar dheontas faighte ag an údarás áitiúil agus go bhfuil deontas próiseáilte ach nár íocadh leis an sealbhóir tí roimh an 1 Eanáir 2024, is féidir an próiseas deontais a chur i gcrích faoi théarmaí agus choinníollacha na scéimeanna athbhreithnithe, atá i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024.

**C15. An bhfuil na méideanna deontais athbhreithnithe iníoctha go cúlghabhálach le hiarratasóirí a fuair deontais a íocadh faoi na scéimeanna roimhe seo?**

Níl. Ní bheidh ach iarratasóirí nach bhfuair deontas don CCTF ábhartha sna seacht mbliana roimhe sin incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar dheontas.

**C16. Tá spás ar an bhfoirm iarratais le haghaidh sonraí bheirt chonraitheoirí. Cad iad na sonraí ba chóir a ionchur le haghaidh sonraí an dara conraitheoir?**

Ní chuireann an t-iarratasóir isteach ach sonraí an chonraitheora is fearr leis/léi. D'fhéadfadh go mbeadh níos mó ná conraitheoir amháin ag teastáil chun na hoibreacha a chríochnú, ag brath ar shonraí na hoibre atá ar siúl.

Soláthraíonn an dara bosca don chás sin. Ba cheart sonraí na luachana a chur leis an iarratas.

**C17. An é costas an t-aon chritéar amháin a úsáidtear chun conraitheoir a roghnú?**

Is féidir leis an iarratasóir a rogha conraitheora a roghnú (b'fhéidir nach é an luachan is ísle) ar choinníoll go bhfuil gach critéar eile comhlíonta e.g. stádas imréitigh cánach cothrom le dáta. Beidh na leibhéil uasta deontais i bhfeidhm i ngach cás.

**C18. Cad a tharlaíonn i gcásanna nach bhfuil Éirchód ag teach?**

Tá gá le hÉirchód a sholáthar chun iarratas faoi na scéimeanna deontais a phróiseáil. Cuireann sé ar chumas an údaráis áitiúil stádas deontais roimhe seo a sheiceáil agus cabhrú leis an údarás áitiúil incháilitheacht deontais a dheimhniú. Tá sé riachtanach freisin an réadmhaoin a aimsiú.

Is féidir Éirchód a sheiceáil tríd an seoladh a chur isteach san Aimsitheoir Éirchód <https://finder.eircode.ie/#/>. Sa chás neamhghnách nár leithdháileadh Éirchód ar theach, is ceist é sin d'áititheoir na maoin a réiteach <https://www.eircode.ie/contact>

**C19. Cén chéim den phróiseas iarratais a bhfuil an stádas imréitigh cánach fíoraithe?**

Ní mór don údarás áitiúil an stádas imréitigh cánach a fhíorú le linn an phróisis ceadaithe iarratais, agus ba chóir é a sheiceáil arís nuair atá an t-éileamh ar íocaíocht deontais á phróiseáil.

**C20. An gá an conraitheoir/na conraitheoirí atá fostaithe chun na hoibreacha a dhéanamh a chlárú le haghaidh CBL?**

Is ea. Ní mór do chonraitheoir(i) atá cláraithe le haghaidh CBL gach obair cheadaithe a dhéanamh, agus a chomhlíonann gach riachtanas deimhniúcháin imréitigh cánach.



[gov.ie/tithiocht](http://gov.ie/tithiocht)

An Roinn  
Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta



Rialtas na hÉireann  
Government of Ireland